An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

| | |
|---|---|
| **Teideal:** | **Anailísí Sinsearach Rialála** |
| **Fostóir:** | **An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe** |
| **Tuarastal:** | **€58,474 go €71,437** |
| **Leibhéal:** | **Oifigeach Sinsearach Foirne (Grád 6) (Scála Caighdeánach)** |
| **Áit:** | **Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (Obair Chumaisc)** |
| **Dáta deiridh:** | **12 meán lae ar an 30 Samhain 2026** |

## CÚLRA ÚRCTC

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) i Feabhra 2021 agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le rialachas éifeachtach, bainistíocht airgeadais, agus feidhmíocht comhlachtaí deonacha tithíochta agus comharthithíochta uile a chinntiú. Tá an mhaoirseacht sin ar aon dul le hAcht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019.

Is é ár ról tionóntaí a chosaint, infheistíocht phoiblí a chosaint agus muinín a chur chun cinn san earnáil trí rialáil éifeachtach, chuí agus bunaithe ar riosca. Coinnímid clár reachtúil na CTCanna, déanaimid measúnú ar chomhlíonadh maidir le caighdeáin rialála, déanaimid monatóireacht ar fheidhmíocht CTCanna agus déanaimid gníomh rialála cuí nuair is gá.

Agus ÚRCTC fós ag forbairt mar rialtóir nua-aimseartha, táimid tiomanta do rialáil ardchaighdeáin, fianaise-bhunaithe a sholáthar a thacaíonn le hearnáil na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá dea-rialaithe, athléimneach ó thaobh airgeadais de agus inbhuanaithe.

## SONRAÍOCHT PHOIST

Tá ÚRCTC ag lorg Anailísí Rialála Sinsearach chun bheith ina b(h)all dá fhoireann Dearbhaithe Rialála agus reáchtálfaidh sé comórtas chun daoine a cheapadh sa phost sin ag a mbeidh an teideal inmheánach Ceannaire Rialála Sinsearach' (Grád 6). Beidh ról lárnach ag an bpost sin maidir le cur i gcrích fheidhmeanna rialála reachtúla ÚRCTC, agus maidir le tacú le creat rialála éifeachtach atá bunaithe ar riosca a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

Agus é nó í freagrach do Bhainisteoir Rialála, cuirfidh an tAnailísí Rialála Sinsearach le raon leathan gníomhaíochtaí rialála i dtimpeallacht chomhoibritheach ildisciplíneach. Soláthraítear deis iontach leis an ról do dhaoine ar mian leo cur go suntasach le rialáil earnáil na gComhlacht Tithíochta Ceadaithe in Éirinn, agus deis fhairsing á cur ar fáil do dhaoine a gcuid eolais, scileanna agus saineolais a leathnú.

## PRÍOMHDHUALGAIS AGUS PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Áireofar an méid seo leanas le dualgais agus freagrachtaí an iarratasóra rathúil:

- Measúnuithe rialála ar CTCanna a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear torthaí na measúnuithe a ullmhú agus a chur in iúl.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm pleananna comhlíontachta, dul chun cinn a mheas, agus freagairtí rialála iomchuí a mholadh.
- Cúnamh a thabhairt le forbairt agus le beachtú mheastóireacht riosca ÚRCTC ar CTCanna.
- Tacaíocht a thabhairt le haghaidh príomhdhoiciméid beartais, treoracha agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a athbhreithniú.
- Príomhfhaisnéis agus sonraí maidir leis an earnáil CTCanna a thuairisciú, a anailísiú, agus a chomhdhlúthú.
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí a bhaineann le cláir maoirseachta rialála lena n-áirítear cláir um monatóireacht bhliantúil, teagmhas is gá a chur in iúl agus ábhar imní.
- Tuarascálacha, nótaí faisnéise agus láithreoireachtaí maidir le rialáil a ullmhú, lena n-áirítear tuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn.
- Cúnamh a thabhairt le haghaidh comhghleacaithe a fhorbairt laistigh de na foirne rialála.
- Obair a dhéanamh le baill shinsearacha den fhoireann agus le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a shainaithint, moltaí a fhorbairt agus freagairtí rialála a thacú.
- Iarratais ar chlárúchán mar CTC a mheas agus gníomhaíochtaí cláraithe gaolmhara.
- Tabhairt faoi dhualgais eile de réir mar a ordóidh Ceannaire an Dearbhaithe Rialála nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar bhealach atá comhsheasmhach le leibhéal agus le cineál an róil.

## CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarratasóirí na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a leanas a chomhlíonadh sula gceapfar iad:

- Taithí shuntasach i ról airgeadais, rialála, iniúchta, comhlíontachta nó anailíseach comhchosúil.
- Cáilíocht (Leibhéal 7 den CNC) nó taithí choibhéiseach chruthaithe i **gceann amháin** ar a laghad de na réimsí a leanas: rialáil, cúrsaí dlí, comhlíontacht, riosca, rialachas, airgeadas, dearbhú, tithíocht, bainistíocht réadmhaoine nó bainistíocht tionóntachta.

## CRITÉIR INMHIANAITHE

- Eolas agus tuiscint leathan ar chreataí agus ar chláir rialála.
- Taithí ar ghníomhaíochtaí measúnaithe riosca, meastóireachta nó dearbhaithe.
- Taithí a bhaineann le rialachas, le maoirseacht nó le feidhmíocht eagraíochta.
- Cumas anailíseach láidir, lena n-áirítear an cumas sonraí agus faisnéis bainistíochta a cheistiú chun patrúin a shainaithint, agus téamaí agus torthaí tábhachtacha a tharraingt amach chun tacú le cinntí.
- Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal agus an cumas tuarascálacha anailíseacha, nótaí faisnéise nó measúnuithe rialála a ullmhú.

## PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG AN nGRÁD SEO

Ní mór d'iarratasóirí a léiriú, trí thagairt a dhéanamh d'éachtaí ar leith atá déanta acu ina ngairm bheatha go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas seo a leanas acu atá riachtanach don ról mar Cheannaire Rialála.

### Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Scileanna cumarsáide sármhaithe agus an cumas aige/aici dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choimeád agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le raon leathan de sprioclúchtanna lena n-áirítear an cumas daoine eile a spreagadh chun gníomh a dhéanamh.

**Obair Foirne**

Cuireann sé nó sí le forbairt pleananna oibriúcháin agus treoraíonn sé nó sí forbairt pleananna foirne ag cothú timpeallacht chomhoibritheach oibre.

**Torthaí a Bhaint Amach**

An cumas aige/aici obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta go héifeachtach agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin á sainaithint agus moltaí praiticiúla dá gcur chun feidhme á bhforbairt.

**Breithiúnas, Anailísiú agus Cinnteoireacht**

An cumas faisnéis a mheasúnú maidir le fadhb, an fhaisnéis a anailísiú, saincheisteanna níos leithne a chur san áireamh agus réiteach a mholadh.

**Eolas Speisialtóra**

Ardleibhéal inniúlachta agus taithí i gceann **amháin** ar a laghad de na réimsí seo a leanas: rialáil, dlíthiúil, comhlíonadh, riosca, rialachas, airgeadas, dearbhú, tithíocht, bainistíocht maoine nó bainistíocht tionóntachtaí.

## SCÁLA PÁ

Scála Oifigigh Shinsearaigh Foirne (Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin) amhail an 1 Meitheamh 2026

€58,474 – €59,869 – €61,570 – €64,767 – €66,677 – €69,051 (BFS1 ) – €71,437 (BFS2)

## Nóta Tábhachtach

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme go díreach roimh

an gceapachán, más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís é/í an t-iarrthóir rathúil.

### Incháilitheacht chun dul san iomaíocht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

a) Ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b) Ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c) Ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

d) Ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici: nó

e) Duine dár dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó

f) Ina s(h)aoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é nó í ar saoránach de chuid bhallstát LEE é nó í, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

## OBAIR CHUMAISC

Tá ÚRCTC tiomanta do sheachadadh den scoth maidir lenár réimse leathan seirbhísí agus do cháilíocht ár seirbhís do chustaiméirí. Sa chomhthéacs seo, tá beartas oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC agus ár dtiomantas á choinneáil againn do sheachadadh seirbhísí ar an gcaighdeán is airde. Tá gach fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc a mhéid le cianobair 40% sa tréimhse phromhaidh agus 60% tar éis go n-éireoidh leo an promhadh a chur i gcrích go rathúil.

## UAIREANTA FREASTAIL

Is iad na gnáthuaireanta gnó don ÚRCTC ná 9in go 5rn, ó Dé Luain go Dé hAoine.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 23 lá an tsaoire bhliantúil don ról seo, ag méadú le himeacht ama ag brath ar sheirbhís. Tá sé sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh ann.

## SOCHAIR EILE MAIDIR LE BHEITH AG OIBRE DON ÚRCTC

- Post buan inphinsin
- Uaireanta oibre solúbtha laistigh de theorainneacha sainithe
- Saoire bhliantúil 23 lá ag méadú le himeacht ama ag brath ar sheirbhís
- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Grád 6).
- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil atá urraithe ag an bhfostóir, saoirí staidéir íoctha agus cláir oiliúna agus forbartha inmheánacha
- Timpeallacht oibre dhinimiciúil agus idirghníomhach
- Deiseanna dul chun cinn gairme
- Éascú ticéad taistil Coigiltis Cánach agus Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Páirceáil ar an láthair le haghaidh rothar
- Oifig nua-aimseartha i lár na cathrach, suite in aice le Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, atá inrochtana go héasca ar an DART, agus go leor bealaí bus

## AOISLIÚNTAS, SCOR & SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SIN

Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (ag ardú go 67 agus 68) i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

**Aois Scoir:** cinnfear é i gcomhréir leis na ciorcláin ábhartha ranna rialtais.

## AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Comhlánaigh an fhoirm iarratais ina hiomláine agus cuir isteach í tríd an tairseach iarratais ar líne An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbrajobs.com) faoin 30 Samhain 2026 ag 12 meán lae. Tacaíonn Sigmar Ltd le clár earcaíochta agus iarratais ÚRCTC Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son. Ba chóir aon cheisteanna a threorú chuig ahbrajobs@sigmar.ie.

**D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnaithe:**

- Triail mhianaigh
- Eolas Teicniúil nó cleachtadh bunaithe ar scileanna
- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith iomchuí

Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóir a n-éiríonn leis/léi a bheith ceart go leor de réir leighis chun dul i mbun an cheapacháin.

Seolfaidh ÚRCTC próiseas gearrliostaithe. Sa phróiseas sin, roghnófar roinnt iarrthóirí lena gcur faoi agallamh ar iarrthóirí iad, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar na foirmeacha iarrataisar dócha gur iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcoinne critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun tabhairt faoin bpost, ach seachas sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar cosúil go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu, bunaithe ar a n-iarratas. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh ÚRCTC, dá rogha féin, iarrthóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag.

Tá ÚRCTC tiomanta do bheartas comhdheise.

## DÁTA DEIRIDH

Ní mór d'iarratas a chur isteach tríd an tairseach iarratais ar líne ag An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbrajobs.com) faoin 30 Samhain 2026 ag 12 meán lae.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, téigh i teagmháil le ahbrajobs@sigmar.ie.

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig do sheoladh ríomhphoist cláraithe, mar a iontráladh é ar an tairseach iarratais ar líne.

Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta le linn an chomórtais agus tú a bheith cinnte, ina dteannta sin go seiceálann tú fillteáin dramhaíola/turscair más trí dhearmad a dhéantar aon ríomhphost a scagadh.

## NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988, 2003 AGUS 2018

Soláthraíonn Sigmar Recruitment Teo., ina cháil mar Phróiseálaí Sonraí, seirbhísí earcaíochta thar ceann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC), an Rialaitheoir Sonraí. Cruthóidh Sigmar taifead i d'ainm, ina mbeidh faisnéis phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead sin ach chun d'iarrthóireacht a bhreithniú agus a mheas amháin, agus má éiríonn leat, cuirfear do chuid son sonraí pearsanta ar aghaidh chuig ÚRCTC. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2013 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Faoin RGSC, tá ábhair shonraí a bpróiseálann ÚRCTC a gcuid sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú saor in aisce trí theagmháil a dhéanamh leis an OCS ag dpo@ahbregulator.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann ÚRCTC sonraí pearsanta, féach ar ár Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/privacy-statement/

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Sigmar do chuid sonraí pearsanta, athbhreithnigh an Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.sigmarrecruitment.com/privacy-statement.

Mura bhfuil tú sásta le láimhseáil iarratais ar Chosaint Sonraí a dhéanann tú le ÚRCTC, nó má chreideann tú go bhfuiltear ag teip ar ÚRCTC maidir lena chuid oibleagáidí um chosaint sonraí, déan teagmháil le OCS ÚRCTC le do thoil.

Tabhair do d'aire go bhfuil an ceart agat freisin gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí: https://forms.dataprotection.ie/contact.